

Clár Ábhar

1.	Ráiteas Misin agus Spriocanna Straitéiseacha	1
	Ráiteas Misin	1
	Spriocanna Straitéiseacha	1
	Leagan Amach an Ráitis Straitéise	2
2.	Ról agus Feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta	3
	Tairbhí na hIomaíochta	3
	Feidhmeanna an Údaráis	5
3.	Ár dTimpeallacht Oibriúcháin	11
	Struchtúr agus Acmhainní an Údaráis Iomaíochta	11
	Forbairtí Amach Anseo a bhfuil Coinne Leo	11
	Tosca um Rath Criticiúil	13
4.	Ár Spriocanna a Bhaint Amach: Straiteisí agus Aschuir do 2012-2014	15
	Tréantaifead Forfheidhmithe a Thógáil	15
	Feasacht agus Tuiscint a Mhúscailt	17
	Ár gCuid Oibleagáidí a Chomhlíonadh.....	19
	An Próiseas Cónasctha a Bhainistiú go Rathúil.....	20
	Achoimre ar Phríomh-Aschuir.....	22

Réamhrá

Ceanglaítear ar an Údarás, de réir an dlí, chun plean straitéiseach a chur i dtoll a chéile gach trí bliana. Is é cuspóir an phlean straitéisigh seo na príomhchuspóirí, príomhthorthaí agus na straitéisí bainteacha, lena n-áirítear úsáid acmhainní don tréimhse chuí a leagan amach.

Rinneadh an Ráiteas seo Straitéise a dhréachtú i gcomhthéacs ár gcónasctha a bheidh ag titim amach go luath leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA). Tá coinne againn leis go gceanglófar ar an gcomhlacht Ráiteas nua Straitéise a chur i dtoll a chéile laistigh de shé mhí dá chruthú. Cé go gcuirfeadh seo in ionad na cáipéise reatha, rinneamar an plean seo straitéiseach a fhorbairt agus é beartaithe againn go mbeidh na spriocanna agus na straitéisí a leagtar amach ann fós ábhartha i bhfeidhmeanna iomaíocht-bhunaithe na heagraíochta nua i ndiaidh an chónasctha.

Tá tús curtha ag an Údarás Iomaíochta agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí le dlúthoibriú lena chéile cheana, leis na céimeanna riachtanacha a chur i bhfeidhm d'fhonn go mbeidh an rath ar an bpróiseas cónasctha chomh maith le leas a bhaint as sineirgí idir an dá eagraíocht i ngach cás gur féidir é seo a dhéanamh. Léirítear an obair seo sa Ráiteas seo Straitéise. Léirigh foireann ón dá eagraíocht cheana a ndíochas don chleachtadh mar aon lena dtiomantas dó, agus táimse thar a bheith muiníneach go leanfaidh seo ar aghaidh ar fud an phróisis chónasctha agus dá éis.

Laghódh an próiseas acmhainní, i dtaobh ama, iarrachta agus airgid agus tá gá leis seo. Dúshlán suntasach a bheidh ann an díriú a choimeád, sa tréimhse a fhad leis an gcónascadh agus i luath-thráth na heagraíochta comhcheangailte, i dtaca le tascanna laethúla, gníomh a dhéanfaidh cúrsaí níos fusa do thomhaltóirí agus a chuirfidh chun cinn margaí iomaíocha. Táim muiníneach, é sin ráite, ní hamháin go n-éireoidh leis an obair chónasctha, ach gur féidir linn a chinntiú go mbeidh an dá eagraíocht an-éifeachtach le linn an phróisis freisin.

Tráth deacair é seo don uile eagraíocht den earnáil phoiblí. Táimid ar an ngannchuid i dtaobh acmhainní de, cé gur mó ná riamh an gá in go leor limistéar – i limistéar na hiomaíochta go deimhin féin – le forfheidhmiú daingean, tacaíocht agus oideachas éifeachtach. Tig le tráthanna diana i dtaobh an gheilleagair de gnóthais a spreagadh leis an iomaíocht a mhaolú ina measc, bíodh sé seo trí ghníomhaíocht dhíreach fhrithiomaíoch nó trí chosaint dlí a lorg do na gníomhaíochtaí sin. Is gá don Údarás Iomaíochta, ní hamháin níos mó a dhéanamh le níos lú acmhainní, ach é a dhéanamh níos tapúla agus níos éifeachtaí i gcónaí. Má tá ár ngeilleagar le teacht slán as mar náisiún, ní mór dúinn ár n-iomaíocht idirnáisiúnta a choimeád. Ní bhainfidh seo amach trí iomaíochas a sheachaint – ach is gá dúinn glacadh leis trí lígean do na gnóthais sin a thugann margadh níos fearr dá gcuid tomhaltóirí torthaí an ratha a bhaint. San fhadtárma, cuirfidh seo le cruthú inbhuanaithe post agus le téarnamh geilleagrach.

Níl i ráiteas straitéise ach cleachtadh páipéir gan na daoine a dhéanann é a fhíorú. Léirigh foireann an Údarais Iomaíochta a ndúthracht, a saineolas agus a ndíocas cheana, agus is maith is eol dom go leanfaidh siad leis seo a léiriú thar théarma an Ráitis seo Straitéise.



**Isolde Goggin,
Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta**

1. RÁITEAS MISIN AGUS SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

Ráiteas Misin

Is é cuspóir an Údaráis Iomaíochta leas tomhaltóirí a chosaint sa Stát. Is é ár Misean:

A chinntiú go n-oibríonn margaí go maith le haghaidh thomhaltóirí, ghnó agus gheilleagar na hÉireann. Bainfidimid é seo amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- **an dlí iomaíochta a fhorfheidhmiú go gníomhach le hiompar frithiomaíoch a chosc a chuireann isteach ar thomhaltóirí,**
- **comhairle a chur ar an lucht déanta beartas, ar údaráis phoiblí agus ar chomhlachtaí eile maidir le bealaí le hiomaíocht a fheabhsú sa gheilleagar, agus**
- **ár gcóras cumaisc a chur i bhfeidhm go héifeachtach le cosc a chur ar chumaisc a laghdóidh go mór an iomaíocht.**

Déantar fairsingiú inár Ráiteas Misin le haghaidh 2012-2014 ar an misean a leagadh amach inár bplean straitéiseach deireanach. Léirítear ann ár ndúil lenár bhfeidhm a chomhlíonadh faoin reachtaíocht d'fhonn cur le hiomaíocht fhadtéarma agus le téarnamh gheilleagar na hÉireann. Tá sé ar intinn againn é seo a dhéanamh trínár bhfeidhmeanna a chleachtadh d'fhonn iomaíocht fholláin a chur chun cinn i margaí na hÉireann.

Is í ár bhfís gur féidir linn cabhrú le geilleagar táirgiúil agus dinimiciúil a chothú as a mbainfidh tomhaltóirí agus an geilleagar tairbhe tríd an dlí iomaíochta a fhorfheidhmiú go héifeachtach, trí thacú le leasú iomaíochta atá ar son na hiomaíochta agus tríd an gcuspóir a leagan amach romhainn bheith ar thús cadhnaíochta na hanailíse cumaisc.

Spriocanna Straitéiseacha

Tá ceithre Sprioc Ardleibhéil arna bhforbairt againn d'fhonn cabhrú linn ár misean a bhaint amach.

1. Tréantaifead forfheidhmithe a thógáil; an t-iompar reatha frithiomaíoch a athrú agus an t-iompar seo a sheachaint amach anseo; sprioc a dhéanamh den iompar frithiomaíoch sin a dhéanann an méid is mó díobhála do thomhaltóirí, do ghnólachtaí agus don gheilleagar.
2. Feasacht agus tuiscint a mhúscailt ar thairbhí na hiomaíochta, forálacha an dlí iomaíochta, agus ár bhfeidhm agus ár ngníomhaíochtaí i measc
 - tomhaltóirí agus an phobail mhóir,
 - gnólachtaí, agus
 - an lucht déanta beartas.

3. Ár n-oibleagáidí reachtúla agus rialaithe a chomhlíonadh ar bhealach tráthúil agus éifeachtach comhsheasmhach leis an dea-chleachtas a aithnítear.
4. An cónasc a bhainistiú leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí go rathúil, agus a chinntiú go mbeimid éifeachtach i gcónaí mar ghníomhaireacht ar fud an phróisis agus gurb éard a bheidh ina thairbhe air seo comhlacht cónasctha atá tréan agus éifeachtach.

Rinneadh na Spriocanna seo a fhorbairt ar bhonn aiseolais ó roinnt foinsí. Ar an gcéad dul síos, tugadh faoi shuirbhé tomhaltóra leis an meon i leith iomaíochta agus an Údaráis Iomaíochta a mheas. Ar an dara dul síos, chuir anailís ar chuimsiú meán ghníomhaíochtaí an Údaráis léargas ar fáil ar dhearcthaí na heagraíochta. Ar an tríú dul síos, bailíodh tuairimí páirtithe leasmhara seachtracha trí leas a bhaint as meascán d'agallaimh dhuine ar dhuine mar aon le suirbhé ar líne. Rinneamar stocaireacht ar thuairimí páirtithe leasmhara seachtracha ó na grúpaí a leanas:

- Ranna/gníomhaireachtaí agus rialtóirí rialtais,
- Comhlachais ghnó,
- Comhlachais tomhaltóirí,
- Tráchtairí geilleagracha agus gnó,
- An lucht dlí, agus
- Eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Chuamar i gcomhairle leis an bhfoireann ansin maidir lena dtuairimí. Rinneamar an t-aiseolas uile a bailíodh a phlé agus rinneadh na Spriocanna a liostaítear thuas a fhorbairt tríd an bpróiseas seo.

Léiríonn ár Spriocanna le haghaidh 2012-2014 cúngú sa díriú leis an timpeallacht reatha gheilleagrach a léiriú in Éirinn. Léiríonn siad ár dtiomantas dár n-acmhainní a úsáid chomh héifeachtach agus is féidir. Déanfaimid seo tríd an méid a leanas: An chéad ásc – acmhainní a leithdháileadh lenár ndualgais agus ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin dlí. Déanfaimid tosaíocht, ansin, dár ngníomhaíochtaí eile d'fhonn na torthaí is fearr a sheachadadh do thomhaltóirí, mar aon le luach ar airgead do cháinióicóirí.

Leagan Amach an Ráitis Straitéise

Amhail a leanas atá an fuílleach den Ráiteas Straitéise struchtúrtha:

- Déantar ról agus feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta a scrúdú i Mír 2,
- Caitear súil ar an timpeallacht a n-oibrímid laistigh di i Mír 3,
- Sonraítear i Mír 4 na straitéisí uile a chuirfimid chun feidhme d'fhonn ár gcuid cuspóirí a bhaint amach sna trí bliana amach romhainn. Ina theannta sin, caitear súil ar na torthaí a dhéanfaimid a thomhas agus a thuairisciú d'fhonn ár bhfeidhmíocht a mheas.

2. RÓL NA HIOMAÍOCHTA AGUS FHEIDHMEANNA AN ÚDARÁIS

Tá an tÚdarás Iomaíochta freagrach as dlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa a fhorfheidhmiú in Éirinn mr aon le hiomaíocht sa gheilleagar a chur chun cinn. Tá sé de chumhacht againn imscrúdú a dhéanamh más ann d'fhianaise go bhfuil baint ag gnólachtaí i gcleachtais fhrithiomaíocha, ar nós praghas-socrú, nó má tá gnólachtaí ag baint mí-úsáide as seasamh ceannasach. Sa mhullach air sin, is féidir linn cumaisc a bhlocáil idir gnólachtaí a laghdódh go mór iomaíocht agus a dhéanfadh díobháil do thomhaltóirí.

Tá tomhaltóirí ag croí ár gcuid cúrsaí. Tá sinn meáite ar chinntiú go bhfeidhmíonn iomaíocht ar mhaithe leis an uile thomhaltóir a cheannaíonn táirgí agus seirbhísí in Éirinn. Áirítear leis seo gnólachtaí, an Stát agus a ghníomhairí, chomh maith le daoine aonair. Tá iomaíocht an-tábhachtach chun cabhrú le téarnamh geilleagrach na hÉireann.

Tarlaíonn iomaíocht nuair a dhéanann cuideachta iarracht custaiméirí a mhealladh chucu féin trí sheirbhís níos fearr, roghna níos fearr agus praghsanna níos ísle a thairiscint ná mar a dhéanann cuideachtaí eile. Téann sé seo chun sochair an uile dhuine: tomhaltóirí, gnólachtaí agus gheilleagar na hÉireann ina iomláine. Coimeádann iomaíocht na praghsanna íseal agus feabhsaíonn sí na roghanna atá ag tomhaltóirí mar aon le caighdeán na n-earraí agus na seirbhísí a cheannaíonn siad. Déanann an próiseas seo gnó na hÉireann níos iomaíche, ar léibhéal áitiúil agus idirnáisiúnta araon agus tacaíonn sé le borradh geilleagrach, rud atá níos tábhachtaí anois ná mar a bhí riamh.

Tá ról thar a bheith fairsing ag an Údarás le hiomaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar. Déanaimid seo trí iarraidh ar leasú nuair a chuireann dlíthe agus rialacháin na hÉireann nó gníomhartha an Stáit srian ar iomaíocht. Cuirimid comhairle ar an Rialtas agus ar a ngníomhairí maidir le conas a d'fhéadfadh reachtaíocht bheartaithe difear a dhéanamh d'iomaíocht. Cuireann seo cosc ar fhadhbanna amach anseo do thomhaltóirí. Ar an mbealach seo, tugaimid glór do thomhaltóirí agus déanamh beartas ar bun. Ina theannta sin, déanaimid iomaíocht a chur chun cinn trí údaráis phoiblí agus tríd an bpobal mór a chur ar an eolas faoina ndéanaimid agus faoi conas is féidir le hiomaíocht dul chun sochair an uile shaoránaigh.

D'éascair ionchúiseamh gnólachtaí agus daoine bheith go rathúil de bharr cairtéil mhídhleathacha a reáchtáil. Chabhraigh gníomhaíochtaí eile forfheidhmithe iompar na ngnóthas aonair a athrú agus cuireann siad stop le hiompar a d'fhéadfadh bheith díobhálach. Ina theannta sin, rinneamar staidéar ar na limistéir éagsúla den gheilleagar agus rinneamar moltaí leis an iomaíocht a fheabhsú. Mar thoradh air seo, is ann anois do níos mó iomaíochta in go leor seirbhísí éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí déadacha, seirbhísí LG agus iompar bus. Leanaimid ar aghaidh lenár bhfeachtas do leasú a rachaidh chun sochair tomhaltóirí.

Tairbhí na hIomaíochta

Tá tairbhí iomadúla ag iomaíocht fholláin idir rannpháirtithe margaidh.

- Tugann sé deis níos fearr don tomhaltóir.
- Cinntíonn sé go bhfaigheann tomhaltóirí luach ar airgead.
- Spreagann sé gnólachtaí le táirgí agus le seirbhísí nua agus níos fearr a chruthú.
- Tacaíonn sé le borradh geilleagrach.

Titeann na tairbhí seo amach de bharr go spreagann iomaíocht gnólachtaí le hoibriú níos déine le custaiméirí a mhealladh. Baineann tomhaltóirí tairbhe as de bharr go bhfuil rogha soláthróirí acu atá in iomaíocht a chéile chun a gcustam a mhealladh trí phraghsanna, earraí agus seirbhísí níos fearr a thairiscint. Tomhaltóirí iad gnólachtaí freisin agus nuair a bhaineann tomhaltóirí tairbhe ón iomaíocht, is amhlaidh a dhéanann an geilleagar freisin. Mar shampla, nuair a thiteann costais leictreachais de bharr iomaíocht níos mó, titeann an costas foriomlán lena mbaineann gnó a dhéanamh chomh maith. Déanann seo gnólachtaí na hÉireann níos iomaíche, rud a thacaíonn le borradh fadtéarmach geilleagrach.


Nuair is ann d'easpa iomaíochta, mar shampla, nuair is ann do chairtéal nó do mhonaplacht, ní théann gnólachtaí in iomaíocht do chustaiméirí. Sna cásanna seo, is é an custaiméir, de ghnáth a bhíonn thíos leis de bharr gurb ann do chostais níos airde, níos lú de rogha agus caighdeán níos ísle.

Tá na tairbhí is féidir leis an iomaíocht a chruthú bainte ag Éirinn roimhe seo. Is eol dúinn le taithí go bhfuair tomhaltóirí níos mó de rogha, praghsanna níos fearr, seirbhísí fheabhsaithe agus níos mó earraí agus seirbhísí nua nuair a osclaíodh an tionscadal aerlíne, busanna idirchathrach, earnáil na teiléachumarsáide agus earnáil an fhuinnimh don iomaíocht.

Tacaíonn Iomaíocht le Borradh Geilleagrach

I ngeilleagar beag oscailte ar nós na hÉireann, is é an príomhrud a chuireann tiomáint faoi bhorradh geilleagrach iomaíocht idirnáisiúnta: seo an cumas atá ag cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn chun easpórtáil a dhéanamh. Trí earraí agus seirbhísí a easpórtáil, is féidir le gnólachtaí in Éirinn saibhreas agus fostaíocht a chruthú, mar aon le cabhair – trí cháin a íoc – le seirbhísí poiblí a chistiú, ar nós leas sláinte agus sóisialta.

Tacaíonn iomaíocht le hiomaíocht idirnáisiúnta ar dhá bhealach. Is é an chéad tionchar, agus an ceann is infheicthe trí phraghsanna intíre a choimeád íseal trí rogha agus caighdeán níos fearr d'earraí agus de sheirbhísí a chur ar fáil. Ciallaíonn seo gur féidir le cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn a gcostais a choimeád íseal agus táirgí níos saoire, níos fearr a chruthú is féidir a easpórtáil níos fusa.



Sa mhullach air sin, cuireann iomaíocht tiomáint faoi bhorradh táirgiúlachta de réir mar a dhéanann gnóthais dícheall chun próisis a fheabhsú, chun costais a laghdú agus chun táirgí a tháirgeadh a oireann níos mó do riachtanais tomhaltóirí ar a bhfuil athrú ag teacht. Tomhas atá i dtáirgiúlacht ar leibhéal an luacha a bhaineann gnólacht óna gcuid ionchur. D'fhonn táirgiúlacht a mhéadú, is é sin, chun aschur níos mó a fháil ó leibhéal áirithe ionchur, ní mór do ghnólacht éirí níos éifeachtúla. Ina theannta sin, ní mór don ghnólacht táirgí nua agus ar a bhfuil mórileamh agus iad sin a theastaíonn ó thomhaltóirí a nuáil agus a fhorbairt.

Nuair is tréan don iomaíocht, is tréan freisin don táirgiúlacht. Mura bhfeabhsaíonn cuideachtaí a oibríonn i margaí iomaíocha feidhmíocht a dtáirgiúlacht, caillfidh siad custaiméirí. Go deimhin, is iad na hearnálacha is táirgiúla in Éirinn iad sin a dhéanann trádáil idirnáisiúnta i margaí iomaíocha. Mar shampla, is ard agus níos airde ná an meán iad leibhéil táirgiúlachta sna hearnálacha nuálacha ceimiceán, cógaisíochta agus leictreonaice i gcomparáid le hearnálacha cosanta, a dhéanann trádáil sa tír seo amháin, ar nós seirbhísí dlí, miondíola agus dáilte, áiteanna a mbíonn an iomaíocht níos laige de ghnáth.

Dearbhóidh táirgiúlacht ar bhonn méadaitheach iomaíocht na hÉireann agus, ina theannta sin, ár mborradh fadtéarmach geilleagrach. Fiú i ngeilleagar ardchostais ar nós na hÉireann, is féidir le cuideachtaí ag a bhfuil ardleibhéal de tháirgiúlacht costais a ghearradh ar bhonn leanúnach agus/nó tabhairt faoi nuáil le táirgí níos saoire, níos fearr a tháirgeadh atá níos fusa le díol thar lear. Toisc ríthábhachtach atá i dtáirgiúlacht, ar an ábhar sin, maidir le fostaíocht a choimeád agus cur léi agus beidh táirgiúlacht ina cinntitheach lárnach i dtaobh feidhmíocht agus chaighdeán mhaireachtála na hÉireann amach anseo.

Feidhmeanna an Údaráis

Iompar Frithiomaíoch a Chosc

Tá ag an Údarás Iomaíochta ról ar leith maidir le hiompar frithiomaíoch a chosc. Táimid freagrach as ailt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta, 2002 a fhorfheidhmiú chomh maith le hAirteagail 101 agus 102 de Chonradh Feidhmiúlachta an Aontais Eorpaigh. Bronnann an tAcht Iomaíochta cumhacht orainn sárúithe an dlí iomaíochta a imscrúdú, i ndiaidh gearán a fháil nó as ár stuaim féin. Ina theannta sin, tugann an tAcht dúinn cumhachtaí sonracha imscrúdaithe. Áirítear leo seo an chumhacht le dul

isteach chuig áitreabh agus tithe agus iad a chuardach le barántas cuardaigh a eisíonn an Chúirt Dúiche; an chumhacht le cáipéisí agus le taifid a urghabháil; an chumhacht le finnétithe a ghairm agus iarraidh ar thríú páirtithe chun faisnéis a thabhairt.

Nuair atá dóthain fianaise bailithe againn de chomhaontuithe coiriúla cairtéil, déanaimid comhad a sheoladh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) d'ionchúiseamh ar dhíotáil. I gcásanna eile, ina gceapaimid gur sáraíodh an dlí iomaíochta, glacfaimid cás sibhialta os comhair na gcúirteanna. Uaireanta dúntar cásanna i ndiaidh a réitigh leis na páirtithe, agus is éard a bhíonn i gceist leis seo go gcomhaontaíonn siad lena n-iompar a athrú.

Is féidir le hiompar frithiomaíoch bheith i bhfoirmeacha éagsúla.

Cairtéil

Comhaontú mídhleathach idir beirt nó níos mó iomaitheoirí nach dtéann san iomaíocht lena chéile é cairtéal. Is saghas iompair fhrithiomaíoch é a dhéanann díobháil do thomhaltóirí de shíor. Is gnách go mbíonn comhcheilg rúnda i gceist le cairtéil i measc dhá ghnólacht nó níos mó. Is é a gcuspóir níos mó brabúis a dhéanamh ar chostas a gcuid custaiméirí. Ciallaíonn se go n-íocann tomhaltóirí níos mó ar earraí agus ar sheirbhísí. Coir i leith tomhaltóirí iad cairtéil.

Is iad cairtéil an fhoirm is tromchúisí d'iompar frithiomaíoch. Ar an ábhar sin, tá stop a chur le cairtéil mar chéadtosaíocht forfheidhmithe an Údaráis i gcónaí.

Tá cairtéil mídhleathach ar fud an Aontais Eorpaigh agus aithnítear iad mar an sárú is tromchúisí den dlí iomaíochta ar fud an domhain. Sárúithe fíor-thromchúiseacha iad cairtéil den dlí iomaíochta. D'fhéadfaí roinnt pionós, lena n-áirítear fíneálacha agus tréimhsí príosúin a ghearradh ar aon ghnólacht nó aon duine a chiontaítear i leith cion fhíor-thromchúiseach chairtéil.

Is deacair agus is casta imscrúdú a dhéanamh ar chairtéil. Is í ceann de na cúiseanna leis seo go mbaineann comhcheilg rúnda de ghnáth le cairtéil i measc go leor gnólachtaí agus daoine. Is amhlaidh an scéal freisin, de bharr go n-ionchúisítear cionta tromchúiseacha cairtéil in Éirinn, éagsúil le formhór thíortha an AE, agus ar chaighdeán coiriúil is ea an dualgas cruthúnais sa chúirt. Ciallaíonn seo nach mór an chion a chruthú do bhreitheamh nó do ghiúiré gan aon amhras réasúnach.

Is ann do shaghsanna éagsúla de chairtéil.

- Déanann cairtéil praghas-socraithe comhaontú ar an bpraghas a bheidh le gearradh ar earraí nó ar sheirbhísí.
- Comhaontaíonn cairtéil a roinneann margadh ar láithreacha nó ar ghrúpa custaiméirí lena ndíolann gach ceann díobh earraí nó seirbhísí, agus eascraíonn praghsanna níos airde as seo.
- Rialaíonn cairtéil teorainnaithe táirgthe an méid earraí nó seirbhísí a tháirgeann siad lena chinntiú go bhfanann na praghsanna ard.
- Comhaontaíonn cairtéil chamastaíle nó tairisceana claonpháirtí ar conas a chuirfidh siad uile isteach ar thairiscint ar chonradh gnó. Bíonn an toradh socraithe acu ionas go mbíonn ag gach ball den chairtéal deis chun gnó a mhealladh chucu. Is é an toradh go n-íocann

an gnólacht nó an ghníomhaireacht phoiblí níos mó ar na hearraí nó ar an tseirbhís.

In Éirinn, ní féidir ach le cúirt an cinneadh a dhéanamh cibé acu ar sáraíodh nó nár sáraíodh an dlí iomaíochta agus is iadsan a ghearrann pionóis air seo. Ní dhéanann an tÚdarás Iomaíochta na cinntí sin agus ní féidir leo fíneálacha ná pionóis eile a eisiúint d'iompar frithiomaíoch. Is gnách go ndéanann an DPP ionchúisimh i ndiaidh dúinn imscrúdú a dhéanamh, ach is féidir linn ionchúisimh a thabhairt isteach sa Chúirt Dúiche dár gceart féin.

Comhaontuithe Neamhthromchúiseacha Frithiomaíocha

Is gnách go dtagraítear do chomhaontuithe cairtéil mar chomhaontuithe tromchúiseacha frithiomaíocha de bharr shaghas aonchiallach na díobhála a dhéanann siad do thomhaltóirí. Tagraítear d'fhoirmeacha eile de chomhaontuithe frithiomaíocha mar chomhaontuithe neamhthromchúiseacha.

D'fhéadfadh comhaontuithe neamhthromchúiseacha bheith idir:

- Iomaitheoirí – comhaontuithe ag a bhféadfadh tionchar frithiomaíoch ach nach mbaineann le praghas-socrú, roinnt margaidh, táirgeadh a theorannú nó le camastaíl tairiscintí. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na comhaontuithe sin, mar shampla, faisnéis atá leochaileach i dtaobh cúrsaí tráchtála de, leanúint le comhtháirgeadh, nó le fógraíocht nó le comhchur chun cinn aschuir.
- Neamhiomaitheoirí – comhaontuithe idir gnóthais nach iomaitheoirí iad, mar shampla, comhaontuithe idir gnóthais i slabhra dáilte, ar nós déantúsóirí agus dáileoirí. D'fhéadfadh na comhaontuithe bheith frithiomaíoch má chuireann siad cosc gan ghá ar iompar cuideachta, mar shampla, an praghas a dheachtú nach mór do mhiondíoltóir a fháil d'earraí nó seirbhísí nó na custaiméirí ar féidir leo earraí nó seirbhísí a dhíol leo.

Is é cuspóir an Údaráis Iomaíochta na páirtithe a spreagadh le páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe neamhthromchúiseacha frithiomaíocha le comhaontú a dhéanamh stop a chur leis an iompar atá ina bhonn le fadhbanna. Más gá, is féidir linn dul a fhad leis an Ard-Chúirt le horduithe a lorg a cheanglaíonn orthu é sin a dhéanamh.

Mí-úsáid Ceannais

Ní cheadaítear do ghnólachtaí ag a bhfuil seasamh cumhachtach i ndáil lena gcuid iomaitheoirí agus custaiméirí an saghas iompair a bheith ar siúl acu atá frithiomaíoch. Níl sé in aghaidh an dlí seasamh ceannais a bheith agat. Má bhaineann gnólacht mí-úsáid, áfach, as seasamh ceannais le mí-úsáid a bhaint as tomhaltóirí go héagórach nó le hiomaíocht a chosc, tá iompar frithiomaíoch ar bun acu. Má dhéanann gnólacht iarracht a gcuid iomaitheoirí a dhíbirt nó le stop a chur le hiomaitheoirí nua eascairt trí mhí-úsáid a bhaint as an seasamh ceannais, is sárú é seo ar an dlí iomaíochta.

Áirítear le hiompar a d'fhéadfaí a mheas mar mhí-úsáid ag gnóthas i seasamh ceannais:

- Praghsáil chreachóireach – táirge nó seirbhís a dhíol ar chostas an-íseal, agus é ar intinn acu iomaitheoirí a dhíbirt ón margadh, nó é ar intinn baic iontrála a chruthú d'iomaitheoirí féideartha nua.
- Trádáil eisiach – sa chás go bhfuil oibleagáid ar mhiondíoltóir nó ar mhórdhíoltóir an táirge nó an tseirbhís go léir nó an chuid is mó díobh a cheannach ó sholáthróir aonair.
- Díol nasctha – an coinníoll a leagan gur gá earra éagsúil eile a cheannach tar éis an chéid earra a cheannach.
- Diúltú le soláthar a dhéanamh – a dhiúltú chun táirgí nó seirbhísí a sholáthar do chuideachta eile mar mheán le hiomaíocht a dhíbirt.

Amhail atá an scéal le comhaontuithe neamhthromchúiseacha frithiomaíocha, i gcásanna um mí-úsáid ceannais, déanfaimid iarracht, go ginearálta, chun go nglacfaidh an gnóthas páirt agus a chomhaontú go stopfaidh siad lena gcuid iompar frithiomaíoch. Murar féidir comhlíonadh deonach a bhaint amach, is féidir leis an Údarás Iomaíochta an gnóthas a thabhairt chun na Cúirte.

Forfheidhmiú príobháideach an dlí iomaíochta

Ní féidir leis an Údarás Iomaíochta airgead a fháil ar ais do dhaoine a bhí thíos le cairtéil nó le hiompar eile frithiomaíoch. Is féidir le haon duine a ndearnadh dífead d'óibh ag iompar frithiomaíoch, áfach, caingean phríobháideach shibhialta a thabhairt a fhad leis an gcúirt faoi dhlí na hÉireann.

Má éiríonn leis seo, d'fhéadfadh urghaire (ordú cúirte a dhéanann an t-iompar a thoirmeasc) eascairt as an gcaingean agus d'fhéadfadh an duine nó an gnólacht a thugann an t-éileamh chun na cúirte cúiteamh a fháil, i bhfoirm dhamáistí, don chailteanas lena raibh siad thíos. I gcásanna ar leith, d'fhéadfaí damáistí eiseamláireacha a bhronnadh ar pháirtí a gortaíodh. Seo bronnadh airgid atá níos mó ná an tsuim a theastaíonn leis an díobháil a rinneadh a chúiteamh. Pionós atá ann agus tá sé in ainm agus a thromchúisí atá an sárú a mharcáil.

Cumaisc agus Éadálacha a Athbhreithniú

Titeann cumaisc idir cuideachtaí amach nuair a chuireann siad le chéile a gcuid gníomhaíochtaí gnó le cuideachta níos mó a chruthú. Is éard is éadál ann nuair a cheannaíonn cuideachta amháin cuideachta iomlán eile nó cuid den chuideachta eile. Is féidir le tomhaltóirí tairbhe a bhaint astu agus is féidir leo míbhuntáistí a chruthú do thomhaltóirí.

- Eascraíonn gnó níos éifeachtúla a chruthaíonn roinnt coigiltí costais do thomhaltóirí as dea-chumaisc agus dea-éadálacha. Sa mhullach air sin, is féidir leo an leibhéal iomaíochta i margadh a mhéadú.
- Eascraíonn cás as drochchumaisc agus drochéadálacha ina bhfuil an chumhacht ag gnólacht amháin nó níos mó a bpragsanna a ardú, an t-aschur a laghdú, nó an caighdeán do thomhaltóirí a laghdú. Laghdaíonn siad go suntasach iomaíocht agus is iad tomhaltóirí a bhíonn thíos leis.

Ní mór an tÚdarás Iomaíochta a chur ar an eolas faoi chumaisc agus faoi éadálacha lena mbaineann cuideachtaí ag a bhfuil láimhdeachas níos airde ná suim áirithe airgid. Tá againn an chumhacht, dá bharr, i ndiaidh an fógra a mheasúnú, le cumasc nó le héadail a ghlanadh mura gcruthaíonn siad buarthaí iomaíochta, nó iad a bhlocáil má dheimhnímid go laghdóidh siad go suntasach iomaíocht agus go ndéanfaidh siad difear do thomhaltóirí. Ina theannta sin uile, is féidir linn cumasc nó éadail a ghlanadh faoi réir coinníollacha, sa chás go bhfuilimid sásta go rachaidh na coinníollacha a ghearraimid i ngleic le haon bhuarthaí iomaíochta.

Is féidir le dhá chéim bheith i gceist le hathbheithniú a dhéanamh ar chumasc. Tréimhse mhí amháin atá i gCéim 1 ina dtugtar faoi mheasúnú tosaigh ar an idirbheart. Déantar 97% de na cumasc uile a ghlanadh i gcéim 1. Má tá cumasc níos casta, nó má theastaíonn níos mó ama le measúnú iomlán a dhéanamh air, is féidir leis an gcumasc gabháil a fhad le céim 2. Seo measúnú mionsonraithe ar an idirbheart agus d'fhéadfadh sé maireachtáil ar feadh trí mhí. I ndiaidh mheasúnú chéim 2 a dhéanamh, d'fhéadfaí an margadh a ghlanadh, a ghlanadh le coinníollacha nó é a bhlocáil. San uile chás, foilsíonn an tÚdarás cinneadh nó cinntiúchán réasúnaithe ina mínítear a gcinneadh.

Déileálar le cumasc mheán ar bhealach atá beagán éagsúil. Ní mór an uile fhógra faoi chumasc meán a sheoladh chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Má dhéanaimid an cinneadh chun cumasc meán a ghlanadh, ar an mbonn nach gcruthaíonn sé aon bhuarthaí iomaíochta, ní mór dúinn an tAire a chur ar an eolas. Is féidir leis an Aire, ansin, an cinneadh a dhéanamh an cumasc a bhlocáil ar bhonn neamhiomaíochta, ar nós éagsúlacht agus iolracht úinéireacht mheán.

Ina theannta sin, baineann rialacha éagsúla le cumasc ina bhfuil baint ag forais chreidmheasa in Éirinn (cumasc CIFS). Cruthaítear cumasc CIFS nuair a dheimhníonn an tAire Airgeadais i scríbhinn do pháirtithe an chumaisc, don Údarás Iomaíochta agus do Rialtóir an Bhainc Cheannais go dtiteann an cumasc laistigh de shainchúram na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008 (An tAcht CIFS). A luaithe a dheimhnítear cumasc, ní mór an tAire Airgeadais a chur an eolas faoi seachas an tÚdarás. Cé go bhfuil feidhm againn, ar iarraidh an Aire Airgeadais, le hathbheithniú a dhéanamh agus le cabhrú i dtaca le cumasc CIFS, níl aon údarás againn le cinneadh a bhaint amach ar na cumasc sin.

Iomaíocht a Chur Chun Cinn

Tá ag an Údarás Iomaíochta feidhm faoin Acht Iomaíochta le hiomaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Staidéar a dhéanamh ar limistéir den gheilleagar lena fhiosrú conas mar atá an iomaíocht ag oibriú,

- Dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin a shainaithe ag a bhfuil tionchar diúltach ar iomaíocht,
- Comhairle a chur ar an Rialtas agus ar a n-Airí agus gníomhaireachtaí maidir le conas a d'fhéadfadh reachtaíocht nó rialacháin difear a dhéanamh d'iomaíocht.
- Comhlíonadh a chur chun cinn i measc gnólachtaí, agus
- An pobal a chur ar an eolas faoi chásanna iomaíochta agus feasacht a mhúscailt ar thairbhí na hiomaíochta.

Is féidir cosc a chur ar iomaíocht ag dlíthe, rialacháin nó ag cleachtais riaracháin, a bhaineann tairbhí na hiomaíochta de thomhaltóirí.

Má dheimhníonn an tÚdarás go bhfuil an Stát, a ghníomhairí, nó comhlacht príobháideach ionadaíoch, ag leagan sriain ar iomaíocht gan ghá, déanaimid moltaí le haghaidh leasú. I measc na samplaí de na srianta sin ar iomaíocht tá an méid a leanas:

- Tionscadal nó gairm a bhfuil an iomad riachtanais iontrála á socrú acu, mar shampla, iarraidh ar dhaoine le cáilíochtaí a bhaint amach nach bhfuil gá leo chun an post a dhéanamh.
- Tionscadal nó earnáil ag a bhfuil ceart fadtéarmach i leith monaplachta i dtáirgeadh earra nó seirbhíse. Mar shampla, thug an Rialtas, go dtí le gairid, ceadúnas eisiach don BSL le leictreachas a chur ar fáil.
- Toirmeasc ar phraghsanna a fhógairt.

Obair Idirnáisiúnta

Is ann do ghné thábhachtach idirnáisiúnta lenár n-obair. Is é an cuspóir lena mbaineann dul i dteagmháil lenár gcomhghleacaithe iomaíochta ar leibhéal idirnáisiúnta i dtíortha agus in eagraíochtaí eile cur le forbairt an dea-chleachtais go hidirnáisiúnta agus lena chinntiú go gcloímid le dea-chleachtas laistigh dár ngníomhaireacht, mar aon lenár bhfeidhm a chomhlíonadh mar gníomhaireacht forfheidhmithe dlí laistigh den AE.

Ó 2003 i leith, bhíomarna, i dteannta chúirteanna na hÉireann, freagrach as an dlí iomaíochta Eorpá a fhorfheidhmiú in Éirinn. Eascraíonn an oibleagáid seo ó Rialachán (CE) Uimh. 1 de 2003 ón gComhairle agus ónár mballraíocht den Aontas Eorpach (AE) go ginearálta. Is é forfheidhmiú dlí iomaíochta ceann de na limistéir bheartais gheilleagraigh, nach bhfuil mórán díobh ann, inar tharmlig an AE freagracht do na Ballstáit. Déanann an Coimisiún Eorpach monatóireacht de réir Ballstáit aonair agus féachann siad lena chinntiú gurb ann do chur chuige comhordaithe i leith iomaíochta ag Údaráis Náisiúnta Iomaíochta. Déantar seo tríd an Líonra Iomaíochta Eorpach (ECN). Ceanglaítear ar údaráis iomaíochta an uile Bhallstáit den AE, lena n-áirítear Éire, le páirt ghníomhach a ghlacadh san ECN: le hoibriú leis an gCoimisiún le cur chuige a chomhaontú i leith beartas comónta iomaíochta agus le dul i gcomhairle faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe ar fud an AE. Ina theannta sin, glacaimid páirt i bhforbairt beartas cumasc an AE agus déanaimid athbhreithniú cáis nuair a theastaíonn sé.

Ina theannta sin, is iad an tÚdarás ionadaí na hÉireann ag cruinnithe an Choiste Iomaíochta den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Gheilleagraich (OECD) agus is baill ghníomhacha sinn den Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta.

Déanann na heagraíochtaí seo iarracht le cur chuige comhtháite a chinntiú i leith an dlí agus an bheartais iomaíochta ar leibhéal idirnáisiúnta. Cuireann seo feabhas, freisin, ar a n-éifeachtúlacht ar leibhéal intíre agus laghdaíonn siad costais rialaithe ar leibhéal domhanda.

Tiocfaidh rannpháirtíocht na hÉireann sna fóraim seo chun tús cadhnaíochta sa chéad leath de 2013 nuair a bheidh Uachtarántacht an AE faoi Éirinn. Beidh líon imeachtaí iomaíochta agus do thomhaltóirí ag titim amach i gcomhthráth leis an Uachtarántacht.

Seirbhísí Tacaíochta Inmheánacha

Is ann do dhá rannóg laistigh den Údarás Iomaíochta a thacaíonn le hobair na heagraíochta ar an iomlán. Cuireann an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin don eagraíocht agus oibríonn an Rannóg Straitéise ar thionscadail straitéiseacha agus is iad atá i bhfeidhm na cumarsáide.

Tá Seirbhísí Corparáideacha freagrach as rialachas corparáideach, bainistíocht airgeadais, IT, cuntasáíocht, bainistíocht acmhainní daonna agus as seirbhísí um thacaíocht dhlíthiúil. Cinntíonn siad go gcomhlíonaimid ár gcuid ceanglais éagsúla reachtúla agus rialaithe faoi Chód Cleachtais an Rialtais le haghaidh Rialchais Comhlachtaí Stáit.

Tá an Rannóg Straitéise freagrach as straitéisí agus as beartais a fhorbairt don eagraíocht. Baineann iad seo le gníomhaíochtaí a dhéanann difear don eagraíocht ar leibhéal ilrannach. Áirítear leis forbairt beartas, cleachtais agus nósanna imeachta le feabhas a chur ar ár n-obair idirnáisiúnta, beartú tosaíochta cáis, seachadadh rathúil tionscadal etc. Déanann an Rannóg Straitéise réiteach phlean gnó bhliantúil agus Ráitis Straitéise trí bliana an Údaráis Iomaíochta a chomhordú. Tá siad freagrach, freisin, as forbairt agus as bainistíocht straitéis cumarsáide an Údaráis.

3. ÁR DTIMEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Struchtúr agus Acmhainní an Údaráis Iomaíochta

Comhlacht neamhspleách corparáideach is iad an tÚdarás Iomaíochta ina bhfuil Cathaoirleach agus a mhéid agus ceithre Bhall. Faoi láthair, tá againn Cathaoirleach agus triúr Ball. Tá an tÚdarás Iomaíochta eagraithe i sé rannóg. Stiúrthóir Feidhmeannach is ea gach Ball atá freagrach as ceann amháin nó níos mó de rannóga an Údaráis.

Rannóg	Feidhm
Tacaíocht	Iomaíocht a chur chun cinn agus comhairle a chur ar an lucht déanta beartas.
Cairtéil	Freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar iompar líomhnaithe cairtéil.
Seirbhísí Corparáideacha	Freagrach as riarachán, bainistíocht agus comhordú bheartais agus nósanna imeachta an Údaráis mar aon le soláthar seirbhísí dlí.
Cumaisc	Freagrach as cumaisc agus éadálacha a scrúdú.
Monaplachtaí	Freagrach as comhaontuithe líomhnaithe neamhthromchúiseacha frithiomaíochta mar aon le gnóthais a bhaineann mí-úsáid as seasamh ceannasach a imscrúdú.
Straitéis	Freagrach as tionscadail lena mbaineann tábhacht straitéiseach, athbreithniú a dhéanamh ar obair an Údaráis agus as straitéis cumarsáide an Údaráis a chur chun feidhme.

Agus an Cathaoirleach agus na Baill san áireamh, tá ag an Údarás Iomaíochta 39 ball foirne faoi láthair. Tá an líon seo laghdaithe ó 59 ag tús thréimhse an ráitis straitéise dheireanaigh (2009-2011). Tá ag baill foirne an Údaráis taithí agus oiliúint ó chúlráí éagsúla, lena n-áirítear an dlí, forfheidhmiú dlí, cúrsaí eacnamaíochta agus riarachán poiblí.

Forbairtí Amach Anseo a bhfuil Coinne leo

Is ann do líon tosca a dhéanann difear don timpeallacht ina n-oibrímid. D'fhéadfadh na tosca seo difear a dhéanamh dár n-obair le linn thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Áirítear leo ár gcónasc atá ag teacht aníos leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA), an timpeallacht gheilleagrach, an t-athbhreithniú ar reachtaíocht iomaíochta agus Uachtarántacht na hÉireann den AE in 2013.

Cónascadh leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

D'fhógair an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2008 go gcónascfar an tÚdarás Iomaíochta agus an NCA mar chuid de chuíchóiriú na ngníomhaireachtaí stáit. Is iad an NCA an comhlacht reachtúil a bunaíodh le leas tomhaltóirí a chosaint agus le cultúr daingean tomhaltóirí a bhunú in Éirinn. Is é sainchúram an NCA cearta tomhaltóirí a chosaint agus a chothú trí thacaíocht, taighde spriocaithe, faisnéis do thomhaltóirí, cláir oideachais

agus feasachta agus forfheidhmiú córasach den dlí lena mbaineann tomhaltóirí.

Tá beartas iomaíochta agus tomhaltóirí sa mhullach air seo. Tá acu beirt leas tomhaltóirí mar chroíchuspóir a misin. Is ar an gcúis seo go gcuirtear sa ghníomhaireacht chéanna iad. Is ann do thart ar 40 gníomhaireacht ar fud an domhain ag a bhfuil sainchúram iomaíochta agus tomhaltóirí araon, lena n-áirítear SAM, an Astráil, Ceanada, mar aon le tíortha eile san Aontas Eorpach, ar nós na RA.

Cé gur dréachtadh an Ráiteas seo Straitéise i gcomhthéacs na reachtaíochta reatha, bhí aird nach beag againn ar an gcaoi go dtitfidh an cónascadh amach le linn thréimhse an Ráitis seo Straitéise. Rinneamar ár gcuid Spriocanna a dhréachtú agus aird ar an gcónascadh agus táimid sásta go mbeidh siad ábhartha go fóill leis an bhfeidhm iomaíochta nuair a bheimid ag oibriú mar an eagraíocht nua-chónasctha.

Cuirfidh an cónascadh dúshlán shuntasacha roimh an dá eagraíocht. Bhí tionchar suntasach ag ceapadh le déanaí an Chathaoirligh agus na mBall nua leis an Údarás Iomaíochta ar dhul chun cinn an phróisis agus cabhróidh sé lena chinntiú go dtarlóidh rudaí ar luas i bhfad níos tapúla. Tá an próiseas ar bun cheana féin agus táimid ag dréim le hoibriú lenár gcomhghleacaithe nua sa NCA agus leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (DJEI) ar an tasc atá idir lámha againn. Oibreoidh le chéile le comhghníomhaireacht atá láidir tréan agus rathúil a chruthú.

Timpeallacht Gheilleagrach ar a bhfuil Meath ag Teach

Ó 2008 i leith, d'éascair meath suntasach ar gheilleagar na hÉireann as titim na n-earnálacha réadmhaoine agus tógála intíre tar éis gur cuireadh tús leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais. Rinne sé seo difear do gach earnáil den gheilleagar. Bhí tionchar ag an gcúlú ar an gcomhthéacs ina n-oibríonn beartas iomaíochta agus forfheidhmiú. Cé go mbíonn tionchar de mhéideanna difriúla ag cúinsí athraitheacha geilleagracha ar earnálacha éagsúla, tá roinnt earnálacha thíos níos measa ná earnálacha eile.

Freagairt amháin ag bhí ag roinnt earnálacha san aimsir dhúshlánach i dtaobh an gheilleagair de ná brústocaireacht a dhéanamh ar an Rialtas le bearta a thabhairt isteach le hiad a chosaint ón gcúlú geilleagrach trí dhíolúine a thabhairt dóibh ón dlí iomaíochta. Chuir an tÚdarás Iomaíochta iallach ar an Rialtas gan na glaonna seo ar dhíolúintí a fhreagairt, agus leanfaidh siad amhlaidh.

Tá sé tábhachtach go leanann beartas an Rialtais le tacú le hiomaíocht éifeachtach ionas nach ndéantar díobháil do thomhaltóirí cibé acu anois nó amach anseo, trína chinntiú go bhfanann struchtúir éifeachtacha mhargaidh i bhfeidhm. Cabhróidh seo le hÉirinn dul i ngleic leis an stoirm reatha gheilleagrach chomh maith le deiseanna borrhtha agus fostaíochta.

Is éard a d'éascair as teacht ar an bhfóad an IMF/EU/ECB – nó na triúrachta – agus na coinníollacha dá éis sin lenar bhain an iasacht airgid a tugadh d'Éirinn go ndearna Rialtas na hÉireann líon ceangaltas lenar bhain an iomaíocht. Leasuithe iad seo go príomha do na hearnálacha cosanta sa gheilleagar agus léiríonn roinnt mhaith díobh moltaí a rinne an tÚdarás i staidéar éagsúil ar earnálacha sonracha. Ba cheart go mbainfidh tomhaltóirí tairbhí dearfacha uathu. Táimid ag dréim le hoibriú leis an Rialtas agus leis an triúracht le hiomaíocht níos fearr a bhaint amach i níos mó earnálacha den gheilleagar.

Baineann ríthábhacht le hiomaíocht idir bainc ar a ndéantar rialú ceart chun tréangheilleagar agus cobhsaíocht airgeadais na hÉireann amach anseo a chruthú. D'éascair cúnamh stáit as an ngéarchéim inár gcóras baincéireachta mar aon le cruthú córas baincéireachta décholúin. Ina leith seo, rinneadh tosaíocht de chobhsaíocht airgeadais thar bheartas iomaíochta. Leanfaimid le cabhrú leis an Roinn Airgeadais agus leis an gCoimisiún Eorpach maidir le beartas a chruthú a dhírítear ar chinntiú agus ar chosaint na hiomaíochta san earnáil bhaincéireachta in Éirinn. Cuirimid an cúnamh seo ar fáil nuair a fhógraítear cumasc don Aire Airgeadais faoin Acht CIFS nó don Choimisiún Eorpach i bhfeidhmiúlacht a bhfeidhme um Chúnamh Stáit.

Athbhreithniú ar an Acht Iomaíochta, 2002

I Nollaig 2007, rinne an tÚdarás Iomaíochta aighneacht don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta um an dtaca sin inar fógraíodh sainchomhairliúchán poiblí i dtaca le hathbhreithniú ar an Acht Iomaíochta, 2002. Bunaíodh an aighneacht ar ár dtaithí bheith ag oibriú laistigh den chreat reatha reachtaíochta.

D'fhógair an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2008 go gcónascfar an tÚdarás Iomaíochta agus an NCA mar chuid de chuíchóiriú na ngníomhaireachtaí stáit. Rinneadh an cinneadh go dtabharfaí faoin athbhreithniú ar reachtaíocht iomaíochta i gcomhthráth leis an obair lena mbaineann an reachtaíocht tomhaltóirí a chónascadh. Teastaíonn comhreachtaíocht nua leis an aonán nua-chumascha a chruthú. Táthar ag tabhairt faoi dhréachtú na reachtaíochta seo faoi láthair.

Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh lenár gcaidreamh dlúthoibrithe leis an DJEI agus leis an NCA le linn an phroisis dréachtaithe. Táimid muiníneach go mbeidh an reachtaíocht nua ina huirlis éifeachtach um fhorfheidhmiú iomaíochta agus cosaint tomhaltóirí. Bainfidh tomhaltóirí agus gnólachtaí na hÉireann tairbhe as iomaíocht éifeachtach agus as dlí agus beartas um chosaint tomhaltóirí, a chuirtear i bhfeidhm ar fud an gheilleagair, agus cabhróidh sé freisin le borradh geilleagrach agus le fostaíocht.

Uachtarántacht an AE

Beidh Éire ina hóstach ar Uachtarántacht an AE sa chéad leath de 2013. Tá sé ar na bacáin againn comhlá tomhaltóirí agus iomaíochta a chur ar bun leis an NCA le hUachtarántacht na hÉireann a cheiliúradh agus táimid ag tnúth le páirt a ghlacadh in aon imeachtaí eile ábhartha a thitfidh amach le linn na hUachtarántachta.

Tosca um Rath Criticiúil

Sa mhullach ar na tosca comhshaoil, ní mór dúinn tosca um rath criticiúil a chur san áireamh, freisin, agus ár n-aghaidh á tabhairt againn ar ár misean. Cé nach bhfuil smacht againn, go méid suntasach, ar na tosca sin agus go bhfuil siad lasmuigh dár scóip thionchair, fúinn a bheidh sé déileáil leis an mbaol agus leis na deiseanna a chuireann siad os ár gcomhair. Baineann na trí phríomhthoisic um rath criticiúil le foireann agus le buiséadú, an timpeallacht pholaitiúil agus bheartas agus an córas dlí.

Foireann, Acmhainní agus Buiséad

Is í an fhoireann an acmhainní is tábhachtaí atá ag eagraíocht. Agus aird ar an moratóir um earcú san earnáil phoiblí a bhí i bhfeidhm le roinnt blianta anuas, tá teorainn ar dhul chun cinn ar an raon gairme agus ar dheiseanna

ardú céime dár bhfoireann. Ina ainneoin seo, dheimhnigh aiseolas a bailíodh ar mhaithe le cuspóirí an Ráitis seo Straitéise go bhfuil foireann an Údaráis spreagtha agus tiomanta dá n-obair. Is é an meon atá ag ár bpáirtithe leasmhara seachtracha, a cuireadh in iúl in agallaimh mar chuid den phróiseas seo, go bhfuil againn foireann oilte, ghairmiúil agus shaineolaíoch ar a bhfuil ardmheas agus ardaird.

Is é an dúshlán atá romhainn a chinntiú go gcoimeádtar na leibhéal seo de spreagadh agus de thiomantas ar fud an phróisis chónasctha agus le linn na gcéad trí bliana amach romhainn. Céim dhearfach ina leith seo atá sna bearta ar thug ár nAire agus a Roinn fúthu le ceannaireacht nua a chur i bhfeidhm, a mhairfidh go deireadh na tréimhse chónasctha.

Dúshlán leanúnach atá i mbuiséadú don uile chomhlacht den earnáil phoiblí, lena n-áirítear an tÚdarás Iomaíochta. Tá an taighde margaidh atá á dhéanamh againn á mholadh dúinn nach bhfuil teagmháil mhaith á déanamh againn lenár dtomhaltóirí agus le deimeagrafaigh áirithe, go háirithe. Leanfaimid orainn agus iarracht a dhéanamh bealaí a chruthú le teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí, agus lenár bpríomhghrúpaí páirtithe leasmhara eile.

Timpeallacht Pholaitiúil agus Bheartas

Tá sé d'aidhm ag an Údarás Iomaíochta barr feabhais a chur ar leas tomhaltóirí agus tríd seo a dhéanamh, le hiomaíocht an gheilleagair fhoriomláin a mhéadú. Baineann feidhm lárnach i dtaca leis seo le feasacht phoiblí agus pholaitiúil a bheith ar thairbhí na hiomaíochta. Is féidir leis an timpeallacht pholaitiúil agus aitheantas iomaíochta an Rialtais mar bhealach tábhachtach le hiomaíochas a bhaint amach tionchar suntasach bheith ar rath an Údaráis.

Sa mhullach ar ár n-iarrachtaí féin tacaíochta, baineann ríthábhacht leis an timpeallacht bheartas agus le feasacht phoiblí maidir lenár gcuid iarrachtaí forfheidhmithe. Cé gur féidir linn tabhairt faoi imscrúduithe as ár stuaim féin, braithimid ar fheasacht agus ar thacaíocht phoiblí, de bharr go n-eascaíonn an mhórchuid d'imscrúduithe ó ghearáin ó thomhaltóirí, comhlachtaí tomhaltóirí, gnólachtaí, grúpaí tionscail agus eile.

Ar na cúiseanna seo, is é ceann dár bpríomhaidhmeanna cultúr iomaíochta a chruthú trí fheasacht a mhúscailt ar na tairbhí a chruthaigh sí do thomhaltóirí na hÉireann cheana, agus is féidir léi a chruthú sa timpeallacht cheart pholaitiúil agus bheartas. Baineann buntábhacht le rath Sprioc na múscailte seo feasachta maidir lenár Spriocanna eile a bhaint amach.

Déanamh Cinntí agus an Córas Dlí

Ní dhéanann an tÚdarás Iomaíochta cinntí ar cibé acu ar sáraíodh nó nár sáraíodh dlí iomaíochta na hÉireann agus an AE. Faoi na cúirteanna amháin iad na cinntí sin. Táimid freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar shárúithe an Achta agus an Chonartha maidir le Feidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa chás gur gá, tugaimid os comhair na cúirte iad siúd a cheapaimid a sháraigh an dlí, nó seolaimid comhad chuig an DPP le moladh le haghaidh ionchúisimh. Is éagsúil don chás in Éirinn ó mhórchuid na dtíortha eile Eorpacha, ina bhfuil an chumhacht ag na gníomhaireachtaí iomaíochta cinneadh a dhéanamh ar cibé acu ar sáraíodh nó nár sáraíodh an dlí iomaíochta agus freisin cibé acu an ngearrfar pionóis nó nach ngearrfar. Braitheann cinntí tapúla agus éifeachtacha a bhaint amach, in Éirinn, ní hamháin ar ár bhfeidhmiúlacht féin ach freisin ar luas agus ar éifeachtacht an chórais dlí.

Maidir le cásanna coiriúla, is iad an tÚdarás Iomaíochta a dhéanann imscrúdú ar shárúithe líomhnaithe an dlí iomaíochta. San uile chás coiriúil, áfach (seachas cásanna níos lú, cásanna achoimreacha a thugtar chuig an gCúirt Dúiche), is iad an DPP a dhéanann an cinneadh cibé acu ar cheart cás a ionchúiseamh nó nár cheart. Maidir le hionchúiseamh a thugann an DPP chuig an gcúirt, déanann giúiré an cinneadh ar chruthaigh nó nár chruthaigh an t-ionchúisitheoir, thar amhras réasúnach, cibé acu an bhfuil an cosantóir ciontach nó a mhalairt. Is léir gur caighdeán dúshlánach atá i gceist leis seo. I ndiaidh ciontú, déanann an chúirt an cinneadh faoi na ceaduithe cuí a ghearradh, lena n-áirítear fineálacha airgid agus téarmaí príosúin.

Sa chás go dtugaimid cásanna a fhad leis an gcúirt, bíodh siad cásanna sibhialta nó cásanna coiriúla don Chúirt Dúiche, déanann breitheamh leis/léi féin breithiúnas orthu gan ghiúiré. Tá na cúirteanna freagrach as dliteanas agus na ceaduithe cuí a dheimhniú araon a bheidh le cur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an Acht Iomaíochta.

Is é an t-aon limistéar ina bhfuil cumhachtaí um dhéanamh cinntí againn é sin lena mbaineann athbhreithniú ar chumasc. Is féidir achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar aon chinneadh a ghlacaimid le cumasc a bhlocáil nó é a ghlanadh le coinníollacha.

4. ÁR SPRIOCANNA A BHAINT AMACH: STRAITÉISÍ AGUS ASCHUIR DO 2012-2014

Réamhrá

Cáipéis a fhéacann amach romhainn is ea Ráiteas Straitéise ina leagtar amach céard atá ar na bacáin ag eagraíocht le baint amach thar thréimhse shonrach agus conas atá sé beartaithe acu é seo a bhaint amach. Tá sé mar chuid de phróiseas de bhainistíocht straitéiseach ar fud na hearnála poiblí a dhírítear ar sheirbhís níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh.

Téimid i muinín ár Ráitis Straitéise le treoir a fháil maidir le tosaíochtaí le cur san áireamh inár bplean bliantúil gnó den Údarás inár bpleanáil rannach gnó. Déanaimid athbhreithniú agus tuairisciú rialta ar ár ndul chun cinn i leith na n-aschur a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise. Éascaíonn seo measúnú leanúnach ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ár gcuid acmhainní á leithdháileadh go cuí againn lenár spriocanna a bhaint amach.

Déantar cur síos ar ár gcuid straitéisí agus aschur anseo ar ardleibhéal, a oireann do Ráiteas Straitéise, faoi cheithre theideal:

1. Tréantaifead forfheidhmithe a thógáil
2. Feasacht agus tuiscint a mhúscailt
3. Ár gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh
4. An próiseas cónasctha a bhainistiú go rathúil.

Leagfar amach an obair a theastóidh leis na straitéisí seo a chur chun feidhme agus leis na haschuir spriocaithe a sheachadadh inár bpleananna bliantúla gnó. Cuirfidh ár dtuarascálacha bliantúla measúnú ar fáil ar ár bhfeidhmiúlacht maidir leis na spriocanna a leagtar amach sa Ráiteas seo Straitéise a bhaint amach.

Sonraítear sa chuid eile den mhír seo sonraí faoi straitéisí agus aschuir an Údaráis Iomaíochta le haghaidh gach cinn dár Spriocanna ardleibhéil.

Tréantaifead forfheidhmithe a thógáil

Is éard atá i gceist againn a dhéanamh thar shaolré an Ráitis seo Straitéise tréantaifead forfheidhmithe a thógáil, agus sprioc a dhéanamh den iompar frithiomaíoch sin a dhéanann an méid is mó díobhála do thomhaltóirí, do ghnólachtaí agus don gheilleagar.

Baineann dhá ghné leis an Sprioc. Ar an gcéad dul síos, is mian linn tréantaifead forfheidhmithe a thógáil, ar an gcaoi sin tá againn próifíl ghníomhach agus infheicthe forfheidhmithe. Ar an dara dul síos, táimid ag iarraidh luach ar airgead a chur ar fáil do cháiníocóirí trínár gcuid iarrachtaí a dhíriú ar imscrúduithe ag a mbeidh an tionchar is mó ó pheirspictíocht tomhaltóirí agus gheilleagrach.

Aithníodh san aiseolas a fuair sinn ónár bpáirtithe leasmhara agus an ráiteas seo straitéise á réiteach againn, gur bhain an tÚdarás roinnt rath suntasach forfheidhmithe amach. Thug sé le fios, áfach, roinnt neamhchinnteachta faoi cibé acu ar bhain nó nár bhain an leas is mó, sna cásanna a ndeachamar sa tóir orthu, do thomhaltóirí nó don gheilleagar.

Le linn chúrsa thréimhse an Ráitis Straitéise dheireanaigh, rinneamar athbhreithniú ar na prionsabail roghnaithe agus tosaíochta a úsáimid ar fud ár ngníomhaíochtaí uile. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, d'fhoilsíomar treoir ar ár gcritéir um measúnú cáis in Iúil 2011. Úsáidfimid na critéir seo thar na trí bliana amach romhainn lenár gcuid gníomhaíochtaí forfheidhmithe a dhíriú ar na saincheisteanna sin a dhéanann an méid is mó díobhála do thomhaltóirí, do ghnólachtaí agus don gheilleagar.

Is iad na straitéisí a úsáidfimid chun an Sprioc ardleibhéil seo a bhaint amach:

- Gearáin a phróiseáil a dhéantar leis an Údarás ar bhealach tráthúil agus i gcomhréir lenár gCairt Chustaiméirí le seirbhís ardchaighdeán do chustaiméir i leith gearán a chinntiú.
- Ár gcritéir roghnaithe agus bheartaithe tosaíochta a chur i bhfeidhm ar fud shaolré gach cáis – ón nóiméad a dhéanaimid an cinneadh chun acmhainní a leithdháileadh don tsaincheist go dtí go bhfuilimid sásta gur réitíodh an t-ábhar. Cabhróidh seo linn a chinntiú go bhfuilimid ag díriú ar na saincheisteanna cearta agus go bhfuil an cur chuige is fearr á úsáid againn i ngach cás.
- Clár athbhreithnithe um Imdhíonacht Chairtéil a fhoilsiú i gcomhar leis an DPP. An Clár a chur chun cinn i gcomhréir le straitéis fhoriomlán chumarsáide an Údaráis agus é a úsáid go héifeachtach le caighdeán agus le torthaí imscrúduithe ar chairtéil a fheabhsú ar fud shaolré an ráitis seo straitéise.
- Ár gcuid acmhainní a úsáid go héifeachtach agus sinn ag tabhairt faoi imscrúduithe. Áireofar leis seo ár gcreat éifeachtach um sheachadadh tionscadal, leas a bhaint as sraitheanna scileanna agus taithí reatha atá laistigh den Údarás, de réir mar is gá, mar aon leis an bhfaisnéis a chruthaíonn ár gcuid gníomhaíochtaí um monatóireacht ar an margadh agus anailís ar an margadh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ar an dlí agus i ndealachleachtas ar leibhéal intíre agus idirnáisiúnta lena chinntiú go bhfuilimid ag tabhairt faoinár gcuid imscrúduithe i gcomhréir le dealachleachtas.
- Déileáil le cásanna ar bhealach tráthúil agus oiriúnach leis an toradh is fearr a bhaint amach. Is éard a bheidh i gceist leis seo an réimse iomlán de roghanna ar a bhfuil fáil againn a úsáid a theastóidh le cásanna a thabhairt chun críche. Áirítear leis seo comhad a dhúnadh gan aon bheart breise, dul i mbun imeachtaí dlí, nó cás a réiteach le gealltanais ó na páirtithe.
- Ár gcumas le cásanna a chur chun cinn trí na cúirteanna a fheabhsú trí réiteach mionchúiseach cásanna cúirte a chinntiú agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ar an dlí agus ar nósanna imeachta dlí.
- Faisnéis chúil agus intuigthe a chur in iúl ar ár gcuid gníomhaíochtaí forfheidhmithe. D'fhéadfadh seo foilsiú nótaí, fógraí agus nótaí teorach um chinneadh forfheidhmithe a áireamh, chomh maith le cáipéisí nach bhfuil chomh foirmiúil céanna. Ligfidh seo do shaoránaigh monatóireacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmiúlacht ar bhonn leanúnach agus le cur le bacadh ginearálta. Ba cheart go gcabhróidh sé freisin le forfheidhmiú príobháideach an dlí iomaíochta.

- Iarraidh ar aiseolas ónár bpáirtithe leasmhara maidir lenár bhfeidhmiúlacht. Bainfear é seo amach i gcúrsa ár ndéileála le daoine agus nuair a bheidh ár gcéad Ráiteas Straitéise eile á réiteach againn.

Foilseoidimid faisnéis dhóthanach ar ár gcuid gníomhaíochtaí forfheidhmithe le cur ar chumas an phobail measúnú a dhéanamh ar ár bhfeidhmiúlacht faoin Sprioc ardleibhéal seo.

Baineann foilsiú faisnéise ar ár gcuid obair forfheidhmithe le haschuir chúí; nuair a chuirtear tús le himeacht, nuair a dhúntar nó a réitítear mórchásanna, agus inár dTuarascálacha Bliantúla. Ina theannta sin, iarrfaimid ar aiseolas ar ár ndul chun cinn agus ár gcéad ráiteas straitéise eile á réiteach againn

Feasacht agus Tuiscint a Mhúscailt

Is é ár gcuspóir ardleibhéal feasachta agus tuisceana a mhúscailt ar thairbhí na hiomaíochta, forálacha an dlí iomaíochta, agus ar fheidhm agus ar gníomhaíochtaí an Údaráis Iomaíochta i measc

- tomhaltóirí agus an phobail mhóir,
- gnólachtaí, agus
- an lucht déanta beartas.

D'fhéadfadh difríocht bheith idir an bealach a dhéanaimid teagmháil do gach grúpa, is ionann an chroítheachtairacht. Ní mór dúinn ár bhfeidhm agus ár bhfeidhmeanna a mhíniú. Ina theannta sin, ní mór dúinn sonraí soiléire a thabhairt ar réasúnaíocht agus ar thorthaí ár gcuid gníomhaíochtaí. Creidimid má dhéanfaimid é seo i gceart, gur féidir linn cultúr níos treise iomaíochta a chruthú in Éirinn trí chomhlíonadh an dlí iomaíochta agus cleachtais agus beartais fhrithiomaíochta a bhacadh. Ar an iomlán, cabhróidh seo le margáí oibriú go maith agus cuirfidh sé le feabhas a chur ar ár n-iomaíochas agus ar ár dtéarnamh geilleagrach go ginearálta.

Ionchur tábhachtach is ea ár n-obair thacaíochta i mbaint amach na Sprice seo. Baineann tábhacht ar leith lenár staidéar ar an margadh. Go ginearálta, déanaimid cinneadh iad seo a dhéanamh as ár stuaim féin. Ligeann an tAcht Iomaíochta, áfach, don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta iarraidh ar an Údarás le tabhairt faoi staidéar ar shaincheistanna iomaíochta ar a shon. Ní mór staidéar Aire a thabhairt chun críche laistigh de spriocdháta a shonraíonn an tAire. Ciallaíonn seo gurb éard atá i gceist leo acmhainní a atreorú ó thionscadail eile.

D'fhonn é a chur ar ár gcumas againn tabhairt faoi staidéar Aire más gá agus nuair is gá, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil againn na hacmhainní agus na córais chearta i bhfeidhm. Ní bhaineann na riachtanais acmhainní agus chórais seo le tabhairt faoi staidéar Aire amháin. Cabhraíonn siad linn tabhairt faoinár bhfeidhmeanna lánroghnacha faoin Acht Iomaíochta, go háirithe, faoi imscrúduithe, staidéar ar an margadh (a gcuirimid tús leis sinn féin), agus comhairle a chur ar an Rialtas agus ar chomhlachtaí eile poiblí.

Cabhróidh na straitéisí a leanas linn ár Sprioc ardleibhéal a bhaint amach lena mbaineann feasacht agus tuiscint a mhúscailt.

Straitéisí cumarsáide

- Plean bliantúil cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le gníomhaíochtaí sonracha atá dírithe ar na príomhghrúpaí a shainaithnítear.
- Faisnéis a fhoilsiú ar ár gcuid gníomhaíochtaí, go háirithe ar phreaseisiúintí, tuarascálacha bliantúla, agus ar fhaisnéis ar líne, atá éasca le tuiscint do lucht féachana fairsing.
- Oibriú leis an ngnó le treoir atá fuarasta le húsáid a fhorbairt ar chomhlíonadh an dlí iomaíochta.
- Freagairt go fabhrach i leith cuirí le labhairt faoi shaincheisteanna iomaíochta i bhfóraithe chuí phoiblí. Áirítear leis seo óráidí ag comhdhálacha, cur i láthair do chomhlachtaí ionadaíoch gnó agus d'institiúidí oideachais, mar aon le cur le grúpaí idirghníomhaireachta ar leibhéal intíre agus idirnáisiúnta.
- Straitéisí agus meáin nua chumarsáide a thaiscéaladh a d'fhéadfaimís a chur chun úsáide, mar shampla, na meáin shóisialta, an teilifís agus fógraíocht ar líne. Rachaimid i muinín thaithí an NCA agus foghlaimimid ón taithí seo sa chleachtadh seo.
- Líonra caidreamh inbhunaithe a fhairsingiú agus a choimeád le páirtithe leasmhara ag a bhfuil dúil inár bhfeidhm chun an iomaíocht a chur chun cinn, go háirithe ranna rialtais agus comhlachtaí eile poiblí.

Straitéisí taighde agus tacaíochta

- Tabhairt faoi mhonatóireacht agus faoi anailís leanúnach ar an margadh, i gcomhar leis an NCA. Cinnteoidh seo go gcoimeádaimid stoc eolais atá cothrom le dáta mar aon le sonraí ar thrasghearradh de mhargaí.
- Limistéir a roghnú agus anailís a dhéanamh orthu ina bhféadfadh easpa iomaíochta, iomaíocht theoranta nó shrianta bheith agus moltaí a dhéanamh chun dul i ngleic le haon fhadhbanna a shainaithnítear i bhfoirm chuí. D'fhéadfadh foilsiú staidéir bheith i gceist leis seo, aighneachtaí chuig próisis sainchomhairliúcháin phoiblí, nó idirghníomhaíocht duine ar dhuine le ranna Rialtais agus le comhlachtaí eile poiblí.
- Caidreamh le ranna Rialtais agus le comhlachtaí poiblí agus eile a fhorbairt agus a chothú ag a bhfuil taithí ar fud phríomhearnálacha an gheilleagair lena chinntiú go bhfuil againn líonra saineolaithe ar féidir linn dul i gcomhairle leo le feidhmiúlacht ár bhfeidhmeanna a fheabhsú.
- Comhairle shoiléir, spriocaithe agus úsáideach a chur ar fáil do na ranna Rialtais agus do na comhlachtaí poiblí faoi conas iomaíocht a chur chun dea-oibre ina limistéir freagrachta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus iad a chur chun feidhme le dea-chleachtas a chinntiú sna limistéir agus disciplíní ábhartha.

Déanfar ár n-aschuir faoin teideal seo a thomhas, ar an gcéad ásc, i dtéarmaí mhéid an ábhair a fhoilsítear, an lín óráidí a dhéanann ionadaithe den Údarás,

agus an lín píosaí tacaíochta – staidéar, moltaí, ailt agus aighneachtaí – a fhoilsímid. Ina theannta sin, áireofar leo tabhairt chun críche staidéar Aire in am agus de réir caighdeán cuí.

Tá aiseolas ar ár rath maidir le cultúr iomaíochta a chruthú in Éirinn i bhfad níos suibíachtúla agus níos deacra le tomhas. Táscaire uimhriúil amháin is ea an líon dár gcuid moltaí a cuireadh i bhfeidhm. Cuireann seo tomhas cainníochtúil ar fáil d'fhreagairtí polaitiúla ar ár n-obair. Is gá, áfach, breithniú a dhéanamh ar na cúiseanna nár cuireadh moltaí i bhfeidhm, tomhas neamhuimhriúil. Ní hé go léireoidh cinneadh Rialtais teip ar ár moltaí. Níl an gá leo a thuilleadh de bharr athruithe ar an dlí nó ar an mbeartas ar leibhéal an Rialtais nó na hEorpa. Mar mhalairt air seo, d'fhéadfadh gur dhiúltaigh an Rialtas dóibh de bharr go ndearnadh tosaíocht de bhreithnithe eile beartais.

Is é an príomhtháscaire dár bhfeidhmiúlacht ina leith seo an t-aiseolas a fhaighimid ónár bpáirtithe leasmhara. Tarlaíonn seo i gcúrsa ár gcuid gníomhaíochtaí agus trí shuirbhéanna agus tuairimí an phobail den iomaíocht agus den Údarás.

Ár gCuid Oibleagáidí a Chomhlíonadh

Oibleagáidí um Athbhreithniú Cumaisc

Ní mór an uile chumasc a sháraíonn táirseach áirithe airgeadais, agus an uile chumasc meán, a chur in iúl don Údarás Iomaíochta. Ní mór don Údarás, ag an tráth sin, breithniú a dhéanamh ar an idirbheart a bheartaítear agus tuairim a chruthú ar cibé acu an dóigh nó nach dóigh go ndéanfaidh sé difear don iomaíocht – mar shampla, má eascraíonn praghsanna níos airde, caigheán níos ísle nó níos lú rogha do thomhaltóirí as. Sonraítear san Acht Iomaíochta spriocdhátaí diana nach mór athbhreithniú cumaisc a thabhairt chun críche laistigh díobh. Déanann na teorainneacha ama san Acht an gá le tomhaltóirí a chosaint a chobhsú ó chumasc ag a mbeadh tionchar diúltach orthu agus an mhian leis na costais bhainteacha rialaithe ar an ngnó a íoslaghdú. Is gnách go mbíonn againn na hacmhainí laistigh den ghníomhaireacht lenár gcuid oibleagáidí reachtúla um athbhreithniú cumaisc a dhíscaoileadh. Déanaimid iarracht an tionchar a bhíonn aige seo ar obair ranna eile.

Táimid tiomanta do thabhairt faoi fheidhm um athbhreithniú cumaisc go héifeachtúil, go héifeachtach, agus i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta. D'fhonn an aidhm sin a bhaint amach, bainfimid leas as na straitéisí a leanas:

- Faisnéis atá cothrom le dáta a fhoilsiú agus a choimeád ar ár gcuid nósanna imeachta um athbhreithniú cumaisc.
- Línte oscailte cumarsáide a choimeád leis na páirtithe maidir le hidirbheart cumaisc le linn athbhreithniú.
- Faisnéis a fhoilsiú faoinár gcinntí cumaisc atá soiléir, éasca le tuiscint, agus a mhíoníonn an próiseas machnaimh agus an réasúnaíocht faoi gach cinneadh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus iad a chur chun feidhme de réir dea-chleachtas idirnáisiúnta agus athbhreithniú cumaisc á dhéanamh.
- Acmhainní a shannadh d'fheidhm an athbhreithnithe cumaisc ar bhealach a chinntíonn go mbaintear amach riachtanais ghnó na

heagraíochta ina hiomláine. D'fhéadfadh athshannadh foirne go sealadach ó ranna eile bheith i gceist leis seo le hathbhreithniú a dhéanamh ar chumasc áirithe, sa chás go bhfuil acu saineolas earnála nó acadúil a éascódh an t-athbhreithniú.

Déanfar an uile chumasc a gcuirfear ar an eolas sinn ina leith a phróiseáil laistigh de na spriocdhátaí a shonraítear faoin Acht Iomaíochta. Foilseoimid faisnéis faoinár ngníomhaíochtaí um athbhreithniú cumaisc de réir mar a chuirtear chun críche na hathbhreithnithe agus nuair a chuirfear chun críche iad. Ina theannta sin, rachaimid sa tóir ar thomhais cháilíochtúla ar ár bhfeidhmiúlacht i gcúrsa ár ndéileála le páirtithe agus trí shainchomhairliúcháin lenár bpáirtithe leasmhara i mbliain 3 den Ráiteas seo Straitéise.

Oibleagáidí ginearálta

Is iad na príomhstraitéisí agus príomh-aschuir lena mbaineann ár n-oibleagáidí ginearálta corparáideacha a chomhlíonadh:

- Beartais agus nósanna imeachta soiléire a chur i bhfeidhm a chabhraíonn linn ár gcuid ceanglais éagsúla reachtúla agus rialaithe mar chomhlacht corparáideach a chomhlíonadh faoi Chód Cleachtas an Rialtais le haghaidh Rialchas Comhlachtaí Stáit.
- Seirbhís bainistíochta airgeadais a sheachadadh a chuireann chun cinn agus a chuireann le húsáid éifeachtach ár gcuid acmhainní airgeadais trí sheachadadh barainneachta, éifeachtúlachta, luach ar airgead agus praipe caiteachais.
- Timpeallacht shábháilte agus thacúil oibre a chur ar fáil dár bhfoireann mar aon le seirbhísí cothroma um bainistíocht daoine lena chinntiú go gcoimeádaimid foireann spreagtha atá tiomanta dár gcuid Spriocanna a bhaint amach.
- Clár le haghaidh forbairt scileanna a bhainistiú lena chinntiú go gcoimeádaimid cothromaíocht scileanna agus saineolais ar fud an Údaráis a chabhraíonn linn ár gcuid riachtanais ghnó a bhaint amach. D'fhéadfaí a áireamh leis seo saineolas geilleagrach, dlí, praiticiúil (e.g. bainistíocht tionscadal) agus earnála.
- Seirbhís iontaofa, shlán agus éifeachtach Teicneolaíocht Faisnéis agus Cumarsáide (ICT) a thacaíonn linn i bhfeidhmiúlacht ár gcuid feidhmeanna.
- Soláthar seirbhísí dlí a bhainistiú d'fhonn comhairle shoiléir agus chomhsheasmhach dlí a thabhairt don Údarás Iomaíochta agus dá bhfoireann, agus go háirithe, le comhairle a thabhairt faoi reachtanna, ceanglais dlí, agus faoi fheidhmíocht éifeachtach phróisis agus nósanna imeachta dlí.
- Athbhreithniú agus feabhas a chur ar ár gcur chuige i leith bainistíocht tionscadal ar fud an Údaráis le córais éifeachtacha seachadta agus bhainistíochta tionscadal a chinntiú a chabhraíonn linn a chinntiú go bhfuil ár gcuid acmhainní á n-úsáid againn ar an mbealach is fearr is féidir.

- Bainistíocht agus comhordú éifeachtach ár bpróiseas gnó agus pleanála straitéisí a chinntiú, ionas go mbainfimid amach na spriocanna inár Ráiteas Straitéise.
- Línte éifeachtacha agus freagrúla cumarsáide a choimeád leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus lena Roinn lena chinntiú go leanfaimid lenár gcuid oibleagáidí a bhaint amach.

Is éard go príomha atá sna haschuir, a ndéanfar a bhfeidhmiúlacht sa limistéar seo a thomhas, tuarascálacha comhlíonta agus iniúchta agus cur chun feidhme mear aon bhearta ceartaitheacha a shainaithnítear.

Tá na straitéisí a liostaítear thuas mar bhonn agus taca, áfach, lenár gcumas chun tabhairt faoi gach ceann dár ngníomhaíochtaí laethúla go héifeachtach. Ciallaíonn seo go léireoidh an rath a bhí orainn na spriocanna eile a bhaint amach sa Ráiteas seo Straitéise an rath a bhí orainn maidir leis na spriocanna a shonraítear thuas a bhaint amach.

An Próiseas Cónasctha a Bhainistiú go Rathúil

Tá sé ar intinn againn an cónascadh leis an NCA a bhainistiú agus a chinntiú i gcomhthráth go bhfanaimid éifeachtach mar ghníomhaireacht ar fud an phróisis. Is í ár n-aidhm go n-eascróidh tréanachomhlacht éifeachtach cónasctha as an bpróiseas.

D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, beidh gá le pleanáil chúramach an phróisis chónasctha lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar ár ngníomhaíochtaí eile sa phróiseas. Tá tús curtha cheana againn ag oibriú go dlúth le foireann an NCA agus an DJEI maidir leis an bpróiseas cónasctha. Rinneadh na spriocanna agus na straitéisí a dtugtar breac-chuntas orthu sa ráiteas seo straitéise a dhréachtú agus aird ar an bpróiseas sin. Braithimid gur féidir linn tabhairt faoin uile cheann dár Spriocanna agus faoinár misean ar an iomlán má chuirfimid chun feidhme na straitéisí sin agus má dhéanaimid an próiseas cónasctha a bhainistiú go héifeachtach.

Díríonn an mhír seo ar an bpróiseas cónasctha agus ar na straitéisí amháin lena glacaimid le comhlacht éifeachtach cónasctha a chruthú.

- Oibriú le foireann an NCA agus an DJEI le plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le córais a chur i bhfeidhm ionas gur féidir linn oibriú mar chomhlacht comhtháite a luaithe a bhí éifeacht ag an gcónascadh de réir an dlí.
- Cúnamh saineolaíoch a fháil maidir le príomh-shaincheisteanna lena chinntiú go dtéimid i ngleic le limistéir a bhfuil tairbhí theoranta againn ina leith ar bhealach oiriúnach agus tráthúil. Áireofar leis seo dul i gcomhairle lenár gcomhghleacaithe i gcomhlachtaí poiblí eile mar aon le cúnamh seachtrach a fháil ar shaincheisteanna an-sonracha.
- Cabhrú leis an DJEI maidir le reachtaíocht a dhréachtú don eagraíocht chónasctha.
- Oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí le láthair oiriúnach a aimsiú don eagraíocht chónasctha.

- Monatóireacht a dhéanamh ar fud an Údaráis le linn an phróisis chónasctha agus acmhainní a shannadh le riachtanais leanúnacha na heagraíochta a chothromú le héilimh an phróisis chónasctha.
- Cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara uile, iad siúd atá inmheánach agus seachtrach, maidir le príomh-gharspriocanna ar fud an phróisis lena chinntiú go mbímid dírithe de shíor leis an bpróiseas a thabhairt chun críche in am agus go bhfanaimid dírithe ar na saincheisteanna cearta.

Is ann do roinnt aschur lena mbaineann an cónascadh nach gcuimsítear laistigh dár sainchúram – ar nós ghabháil na reachtaíochta nua agus oifigí nua a aimsiú. Ina ainneoin sin, oibreimid leis an NCA le córais a chur i bhfeidhm ionas gur féidir linn oibriú mar chomhlachtaí éifeachtacha, linn féin agus le chéile, ar fud an phróisis.

Is é an táscaire is soiléire a thugann le fios go raibh an rath orainn ina leith seo gur féidir leis an gcomhlacht cónasctha oibriú a luaithe a bhunaítear iad sa dlí. Léireofar seo, freisin, ag an dícheall a dhéanann an dá ghníomhaireacht i gcónaí chun tabhairt faoinár bhfeidhmeanna go héifeachtach le linn an phróisis.

Achoimre ar Phríomh-Aschuir

Sprioc	Táscairí Feidhmíochta
Tréantaifead forfheidhmithe a thógáil	<p>Faisnéis faoin leibhéal dár ngníomhaíochtaí forfheidhmithe inár dTuarascálacha Bliantúla</p> <p>Faisnéis a chur ar fáil ar an líon moltaí ionchúisimh a dhéantar leis an DPP inár dTuarascálacha Bliantúla</p> <p>Faisnéis a fhoilsiú ar imeachtaí dlí ar cuireadh tús leo i gcásanna sibhialta</p> <p>Sonraí a fhoilsiú faoi shocruithe lenar chomhaontaigh an tÚdarás d'fhonn cás a réiteach, nuair is cuí</p>
Feasacht agus tuiscint a mhúscailt	<p>Faisnéis a fhoilsiú atá furasta le tuiscint ag an bpobal</p> <p>Faisnéis a fhoilsiú i dtaca le torthaí ár gcuid gníomhaíochtaí i bhfoirm staidéir, preaseisiúintí, nótaí cinnidh, nótaí treorach, fógraí agus Tuarascáil Bhliantúil</p> <p>An staidéar Aire a chur i gcrích faoi mar a iarraidh</p> <p>Moltaí a fhoilsiú atá in ainm agus feabhas a chur ar iomaíocht ar mhargaí roghnaithe</p> <p>Tuairisciú a dhéanamh ar an gcomhréir de mholtaí a chuirtear i bhfeidhm, ina dtugtar breac-chuntas ar na cúiseanna nár cuireadh aon cheann díobh i bhfeidhm</p> <p>Suirbhé a dhéanamh ar thuairimí i leith na hiomaíochta agus ár n-eagraíochta agus Ráiteas Straitéise á dhréachtú don chomhlacht cónasctha</p>
Ár gcuid oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh	<p><i>Sonrach</i></p> <p>Cumaisc fhógraithe a phróiseáil laistigh de na spriocdhátaí cuí</p> <p>Iarraidh ar aiseolas agus freagairt air maidir le nósanna imeachta cumaisc ó pháirtithe leasmhara</p> <p><i>Ginearálta</i></p> <p>Beartais agus nósanna imeachta atá cothrom le dáta a choimeád a chabhraíonn linn ár gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh ar bhealach tráthúil agus éifeachtach</p> <p>Taifead glan a bhaint amach i dtuairiscí comhlíonta agus iniúchta</p>
An próiseas cónasctha a bhainistiú go rathúil	<p>Faisnéis a fhoilsiú faoi phríomh-gharspriocanna a baineadh amach sa phróiseas cónasctha i dTuarascálacha Bliantúla agus de réir mar is gá</p> <p>Eagraíocht éifeachtach chónasctha a chruthú</p> <p>Na Spriocanna a dtugtar breac-chuntas orthu</p>

vigorous
competition
drives
productivity
growth,
innovation
and
value
for
all
consumers
in
the
economy



vigorous
competition
drives
productivity
growth,
innovation
and
value
for
all
consumers
in
the
economy

